Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Lúnasa 2023**
**(OR. en)**

**12382/23**

**SAN 490**
**MI 691**
**FISC 174**
**UD 173**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Lúnasa 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 491 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le feidhmiú na cumhachta a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Threoir 2014/40/AE maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 491 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 491 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.8.2023
COM(2023) 491 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú na cumhachta a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Threoir 2014/40/AE maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara**

## 1. RÉAMHRÁ

Is é cuspóir Threoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE[1] ('an Treoir um Tháirgí Tobac') dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin na mBallstát a chomhfhogasú i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) comhábhair agus astaíochtaí táirgí tobac agus na hoibleagáidí tuairiscithe gaolmhara, lena n-áirítear uasleibhéil astaíochtaí tarra, nicitín agus aonocsaíde carbóin i gcás toitíní;

(b) gnéithe áirithe de lipéadú agus de phacáistiú táirgí tobac lena n-áirítear na rabhaidh sláinte atá le bheith ar aonad-phaicéid táirgí tobac agus ar aon fhorphacáistiú, mar aon le hinrianaitheacht agus gnéithe slándála a chuirtear i bhfeidhm ar tháirgí tobac chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an Treoir sin;

(c) an toirmeasc ar thobac béil a chur ar an margadh;

(d) ciandíolacháin trasteorann táirgí tobac;

(e) an oibleagáid fógra a chur isteach maidir le táirgí tobac núíosacha;

(f) táirgí áirithe a chur ar an margadh agus a lipéadú, ar táirgí iad a bhaineann le táirgí tobac, is iad sin toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonacháin, agus táirgí luibhe chun a gcaite.

Is é is aidhm don Treoir feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí tobac agus táirgí gaolmhara a éascú, agus ardleibhéal cosanta sláinte daonna á chur san áireamh, go háirithe i gcás daoine óga, agus oibleagáidí an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh faoi Chreat- Choinbhinsiúin na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le Rialú Tobac ar aontaigh an tAontas Eorpach dó an 30 Meitheamh 2005.

Le hAirteagal 27 den Treoir um Tháirgí Tobac, cumhachtaítear an Coimisiún, faoi réir coinníollacha áirithe, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2), Airteagal 3(4), Airteagal 4(3), Airteagal 4(5), Airteagal 7(5), Airteagal 7(11), Airteagal 7(12), Airteagal 9(5), Airteagal 10(3)(a), Airteagal 10(3)(b), Airteagal 11(6), Airteagal 12(3), Airteagal 15(12), Airteagal 20(11) agus Airteagal 20(12).

## 2. BUNÚS DLÍ

Éilítear an tuarascáil seo faoi Airteagal 27(2) den Treoir um Tháirgí Tobac, rud a thugann an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh le haghaidh tréimhse 5 bliana ón 19 Bealtaine 2014. Ceanglaítear ar an gCoimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta. Déantar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

[1] IO L 127, 29.4.2014, lch. 1.

## 3. FEIDHMIÚ AN TARMLIGIN SA TRÉIMHSE REATHA

Ghlac an Coimisiún an chéad tuarascáil ar fheidhmiú tharmligean na gcumhachtaí faoin Treoir um Tháirgí Tobac an 8 Lúnasa 2018[2].

Le linn na tréimhse reatha 5 bliana de réir an fhadaithe intuigthe ar tharmligean na gcumhachtaí, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe amháin faoi Airteagal 7(12) agus Airteagal 11(6) den Treoir um Tháirgí Tobac.

Le hAirteagal 7(12), cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an díolúine le haghaidh catagóir táirgí tobac áirithe a tharraingt siar, cé is moite de thoitíní agus tobac rollta, ó na toirmisc a leagtar síos in Airteagal 7(1) agus (7) i gcás ina mbeidh athrú suntasach ar na himthosca mar a bhunaítear i dtuarascáil ón gCoimisiún. Ar an gcuma chéanna, le hAirteagal 11(6), cumhachtaítear an Coimisiún an deis atá ag na Ballstáit díolúintí a dheonú maidir le lipéadú le haghaidh catagóirí áirithe táirgí tobac lena gcaitheamh, cé is moite de thoitíní, tobac rollta agus tobac píopa uisce, a tharraingt siar i gcás ina mbeidh athrú suntasach ar na himthosca mar a bhunaítear i dtuarascáil ón gCoimisiún i gcás na catagóire táirgí lena mbaineann.

An 15 Meitheamh 2022, ghlac an Coimisiún tuarascáil[3] lenar suíodh athrú suntasach sna himthosca[4] i ndáil le táirgí tobac téite. Cuirtear faisnéis agus staidreamh maidir le forbairtí sa mhargadh ar fáil sa tuarascáil. Léiríodh inti gur tháinig méadú 10 % ar a laghad ar dhíolachán táirgí tobac téite i gcúig Bhallstát ar a laghad agus gur mhó méid díolacháin táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola ná 2,5 % de dhíolacháin iomlána táirgí tobac ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Dá réir sin, de bharr an athraithe shuntasaigh sin ar na himthosca i ndáil le táirgí tobac téite, ghlac an Coimisiún Treoir Tharmligthe (AE) 2022/2100 an 29 Meitheamh 2022 lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe a tharraingt siar i ndáil le táirgí tobac téite[5] ('an Treoir Tharmligthe'). Leis an Treoir Tharmligthe sin, cuireadh síneadh leis an toirmeasc ar tháirgí tobac a chur ar an margadh a bhfuil sainbhlas orthu, nó a bhfuil blastáin in aon cheann dá gcomhchodanna iontu, amhail scagairí, páipéir, pacáistí, capsúil nó aon ghnéithe teicniúla lenar féidir modhnú a dhéanamh ar bholadh nó blas na dtáirgí lena mbaineann nó ar a ndéine deataigh, toirmeasc a bhfuil feidhm aige cheana maidir le toitíní agus tobac rollta, chun táirgí tobac téite a áireamh ann. Ar na forais chéanna, leis an treoir tarraingíodh siar an deis atá ag na Ballstáit díolúintí maidir le táirgí tobac téite a dheonú, sa mhéid gur táirgí tobac iad lena gcaitheamh, ó oibleagáidí lipéadaithe áirithe, is iad sin na hoibleagáidí an teachtaireacht faisnéise a leagtar síos in Airteagal 9(2) agus na

---

2 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú na cumhachta a thugtar don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Threoir 2014/40/AE maidir le comhfhogasú dhlíthe agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara (COM/2018/579 final).

3 Tuarascáil ón gCoimisiún maidir le hathrú suntasach sna himthosca i gcás táirgí tobac téite a shuí i gcomhréir le Treoir 2014/40/AE, (COM/2022/279 final).

4 De réir bhrí Airteagal 2(28) den Treoir um Tháirgí Tobac.

5 IO L 283, 3.11.2022, lch. 4.

rabhaidh chomhcheangailte sláinte a leagtar síos in Airteagal 10 den Treoir um Tháirgí Tobac a chur in iúl.

Sular glacadh í, cuireadh an Dréacht-Threoir Tharmligthe faoi bhráid an tSainghrúpa ar an mBeartas Tobac[6] a cuireadh ar bun chun comhairliúchán iomchuí le saineolaithe a áirithiú chun gníomhartha tarmligthe a ullmhú, i measc nithe eile. Iarradh go córasach ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle teacht chuig cruinnithe an tsainghrúpa sin. Seoladh na doiciméid ab ábhartha do na comhairliúcháin sin go comhuaineach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, dá bhforáiltear sa Chomhthuiscint idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le Gníomhartha Tarmligthe[7]. Tar éis a glactha, tugadh fógra faoin Treoir Tharmligthe do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus d'iarr an Chomhairle síneadh 2 mhí a chur leis an sprioc-am. Níor chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle i gcoinne na Treorach Tarmligthe arna glacadh ag an gCoimisiún faoin Treoir um Tháirgí Tobac laistigh den tréimhse fhadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 27(5) den Treoir sin.

## 4. CONCLÚID

Le linn na tréimhse reatha 5 bliana, ghlac an Coimisiún gníomh tarmligthe amháin atá bunaithe ar Airteagal 7(12) agus Airteagal 11(6) den Treoir um Tháirgí Tobac. Chuige sin, d'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe a thugtar dó faoi na hairteagail sin i gcomhréir le cuspóir, raon feidhme agus ábhar an tarmligin.

Maidir leis na cumhachtaí tarmligthe eile a thugtar sa Treoir um Tháirgí Tobac[8], níor comhlíonadh na réamhchoinníollacha chun iad a fheidhmiú sa tréimhse reatha 5 bliana.

Ba cheart tarmligean na gcumhachtaí a thugtar don Choimisiún de bhun na Treorach um Tháirgí Tobac a fhadú in am, mar a leagtar amach in Airteagal 27(2) den Treoir sin, agus é á chur san áireamh nár chuir Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle i gcoinne fadú den sórt sin i ndiaidh na chéad tuarascála ón gCoimisiún. Níor athraíodh an réasúnaíocht atá leis an tarmligean, agus tá na cumhachtaí a dheonaítear riachtanach chun cuspóir na Treorach um Tháirgí Tobac a bhaint amach, is iad sin feidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh táirgí tobac agus táirgí gaolmhara a éascú, agus ardleibhéal cosanta sláinte daonna á chur san áireamh.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.

---

6 Cinneadh C(2014) 3509 final ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2014 lena gcuirtear an grúpa saineolaithe ar an mbeartas tobac ar bun.

7 **Iarscríbhinn a ghabhann leis an** gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (**IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).**

8 Sa chéad tuarascáil maidir le feidhmiú tharmligean na gcumhachtaí faoin Treoir um Tháirgí Tobac, cuireadh faisnéis ar fáil maidir leis na gníomhartha tarmligthe a glacadh faoi Airteagal 10(3)(b) agus Airteagal 15(12).